

An Poirtín

Maidin áiseach d'fhágas Clárach, speal im' láimh agam chun dul ag triall
 Ar m'uncail Seán thiar sa Doirín Álainn a bhí go tláth lag anois le bliain.
 Ar thaobh Suláin chonaic cailín álainn is í ag fuáil le snáithín lín,
 Is bhí sí ag canadh dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-dí.

Seo trasna an áth' mé le fuadar scáinte is focail bhreátha go tiubh im' bhéal,
 Ach thit an cláirín óm' speil le lán-luas sa tsruthán a bhí ag rith go tréan.
 Bheannaíos go lách di mar 'dhéanfadh sárfhear, le haoibh an ghéire agus
 béasa mín
 Ach lean sí ag gabháil don dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-dí.

Airiú éist a dúrtsa agus cuir uait mar níl uaimse ach treoir na slí.
 Gídh gur mór liomsa do dhuan beag tá mo chluas anois 'na thaithí.
 Tá cloig im' shála, mo chorp go tnáite is an cláirín san abhainn 'na luí,
 Ach níor stán sí don dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-dí.

D'fhágas slán léi go maol díomách is tharnais go Clárach im' aonar chuas,
 M'intinn fánach, mo chroi 'na dhá leath agus níorbh aird dom cléir ná tuath.
 Arsa mo mháthair, "Conas tá Seán bocht? nach luath a tháinís thar n-ais ón
 scoraíocht."
 'Sé dúrt go cráite dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-dí.

Lá amháin tar éis bliain is ráithe tháinig carbad chugainn sa ród.
 Siúd thar táirsigh an stuaire álainn agus a máthair le mórchuid gleo.
 Le ceist fíormhánla do labhair an bhláthbhean féachaint an ngráfainn í mar
 mhnaoi.
 'Sé dúrtsa láithreach dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-á-dí, dí-ai-dí-dí.
Diarmuid Ó Tuama a chum.

Seosamh Ó Críodáin a rinne an cheardlann seo.

Le tacaíocht ó